Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 35

# Pinsin an Airm

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh pá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí is iníoctha faoi reachtanna éagsúla le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh ranníocaí agus costais éagsúla i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas.

Cuirtear an olltoradh buiséid maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €3.41 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh, PFN agus Athchóiriú i gciorclán 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus do na hoibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a choinneáil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla pinsin a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách aige, chun comhairle a thabhairt dom i gcomhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go

- bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú
- ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra cuí-oilte, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa, atá faofa agam. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn, lena n-áirítear Vóta na nArm-Phinsean, neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Ní raibh aon chonarthaí ann a sháraigh an tairseach tuairiscithe €25,000 a bronnadh gan próiseas iomaíoch.

Chuir an Roinn tuairisceán nialasach maidir le ciorclán 40/2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh, PFN agus Athchóiriú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne, agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Eisíodh íocaíocht dhúblach €3.1 milliún i mí Eanáir 2024 i leith dliteanas cánach na bliana roimhe sin. Aisíocadh é leis an Vóta ina dhiaidh sin.

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2023 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Pinsin an Airm

28 Meitheamh 2024

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35 Pinsin an Airm

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 – Arm-Phinsin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Cosanta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d’iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d’fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m’iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m’iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 35 Pinsin an Airm

# Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann | 294,375 | 290,961 | 278,353 |
| **Ollchaiteachas** | | **294,375** | **290,961** | **278,353** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,000** | **4,996** | **5,064** |
| **Glanchaiteachas** | | **289,375** | **285,965** | **273,289** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena tabhairt suas don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **3,410,172** | **1,684,953** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Pinsin an Airm

28 Márta 2024

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Costas an chláir | 290,883 | 278,276 |
| Pá | 69 | 70 |
| Neamhphá | 9 | 7 |
| **Ollchaiteachas** | **290,961** | **278,353** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | 4,996 | 5,064 |
| **Glanchaiteachas** | **285,965** | **273,289** |
| | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | 3,251 | 2,888 |
| **Glanchostas an chláir** | **289,216** | **276,177** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá sa mhéid glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 35 a íocadh in áit eile, maidir le riaradh sochar pinsin agus seirbhísí eile.

| | | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,294 | 1,077 |
| Vóta 36 | Cosaint | 1,927 | 1,787 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 30 | 24 |
| | | **3,251** | **2,888** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 6,629 | 188 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 1 | 1 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **6,630** | **189** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.1 | 6,012 | 102 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.2 | 618 | 87 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **6,630** | **189** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.3 | **—** | **—** |

### 2.1 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 5,021 | 12 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 819 | (1) |
| Cáin mhaoine áitiúil | 124 | — |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | — | 1 |
| | 5,964 | 12 |
| Íocaíochtaí pinsin a shealbhaítear ar fionraí | 48 | 90 |
| | **6,012** | **102** |

## 2.2 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 3,410 | 1,685 |
| Deontas státchiste nár tarraingíodh anuas | (2,792) | (1,598) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **618** | **87** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,629 | 188 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1 | 1 |
| | 6,630 | 189 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (5,964) | (12) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (48) | (90) |
| | (6,012) | (102) |
| | **618** | **87** |

## 2.3 An cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | — | — |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 289,375 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (3,410) | | |
| Glan vóta | | | 285,965 | 273,289 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 3,251 | 2,888 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (289,216) | (276,177) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Clár A Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 80 | 78 | 77 |
| A.2 | Scéimeanna (pinsin) Óglaigh na hÉireann agus íocaíochtaí i leith seirbhíse aistrithe | 284,332 | 280,924 | 268,705 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíthreora, liúntais agus aiscí d'iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó ina leith | 9,500 | 9,673 | 9,335 |
| A.4 | Íocaíochtaí le céilí iarshaighdiúirí Chogadh na Saoirse | 100 | 65 | 84 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | 245 | 176 | 75 |
| A.6 | Fearais liachta agus costais taistil agus costais theagmhasacha | 118 | 45 | 77 |
| | | **294,375** | **290,961** | **278,353** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | Measta €000 | 2023 Réadaithe €000 | 2022 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsin céilí agus leanaí Óglaigh na hÉireann | 3,347 | 3,056 | 3,167 |
| 2 | Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsean (príomh) ranníocach Óglaigh na hÉireann | 1,500 | 1,837 | 1,834 |
| 3 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí | 40 | 87 | 50 |
| 4 | Íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | 40 | 3 | 1 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí | 3 | 2 | 2 |
| 6 | Ilchineálach | 70 | 11 | 10 |
| | **Iomlán** | **5,000** | **4,996** | **5,064** |

**Athruithe suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gceannteidil leithreasaí i gcabhair aonair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsin céilí agus leanaí Óglaigh na hÉireann**

*Foráil mheastacháin: €3.347 milliún; réadaithe €3.056 milliún*

Beidh ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsin na gcéilí agus na leanaí éagsúil ag brath ar athruithe ar láimhdeachas pearsanra, ar thuilleamh inphinsin agus ar dhul chun cinn gairme ar fud na mBuan-Óglach. Dá bhrí sin, is deacair leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

**2 Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsean (príomh) ranníocach Óglaigh na hÉireann**

*Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.837 milliún*

Bhí cuid den bharrachas €337,000 dlite do ranníocaíochtaí breise a d’eascair as íocaíochtaí riaráistí a rinneadh le baill foirne a sheirbheáil faoin gComhaontú leathnaithe Building Momentum. Beidh éagsúlacht sna ranníocaíochtaí ag brath ar athruithe ar láimhdeachas pearsanra, ar thuilleamh inphinsin agus ar dhul chun cinn gairme ar fud na mBuan-Óglaigh. Dá bhrí sin, is deacair leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

## Nóta 5 Líon foirne agus Luach saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Líon foirne | **1** | **1** |

### 5.2 Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 68 | 68 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1 | 2 |
| **Pá iomlán [a]** | **69** | **70** |

Nóta [a] Áirítear san fhigiúr pá thuas tuarastal ball foirne lánaimseartha amháin de chuid na Roinne Cosanta (féach nóta 5.1) a chuireann tacaíocht riaracháin ar fáil do Bhord na nArm-Phinsean, agus táillí a íocadh leis an mbeirt bhall sibhialta den Bhord in 2023. Gearrtar na costais phá agus na costais taistil ghaolmhara de €9,000 ar fho-cheannteideal A.1.

Faoi láthair tá 22.7 fostaí (FTE) de chuid na Roinne Cosanta ag gabháil do shocruithe aoisliúntais agus míchumais Óglaigh na hÉireann amháin. Gearrtar a luach saothair, arb ionann é agus €1,246,132 ar Vóta 36.

## 5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meáníocaíochtaí le pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar scor [a]

| Catagóir pinsinéara | An líon faighteoirí pinsin ag deireadh na bliana | | Meáníocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Oifigigh atá ar scor | 1,868 | 1,856 | 34,828 | 33,675 |
| Oifigigh neamhchoimisiúnaithe agus saighdiúirí singil ar scor | 9,579 | 9,422 | 19,030 | 18,316 |
| Cleithiúnaithe agus eile [b] | 1,849 | 1,835 | | |
| **Iomlán** | **13,296** | **13,113** | | |

Nóta [a] Léirítear i dTábla 5.3 an líon iomlán faighteoirí do gach catagóir faighteoirí ó gach fo-mhírcheann ábhartha amhail ag deireadh na bliana laistigh de Vóta 35. Tá roinnt pearsanra atá ar scor ag fáil pinsean scoir mhíleata agus pinsean míchumais mhíleata araon, agus tá íocaíochtaí comhchosúla iníoctha freisin le roinnt céilí/leanaí de chuid pearsanra éagtha; ní chomhairtear an dá fhaighteoir sin ach uair amháin chun críocha an lín daoine thuas. Déantar an mheáníocaíocht pinsin aonair arna taifeadadh do phearsanra ar scor a ríomh faoi threoir an chaiteachais iomláin ar phinsin scoir amhail ag deireadh na bliana faoi fho-mhírcheann A.2.

[b] Níor taifeadadh an mheáníocaíocht aonair thuas faoi 'cleithiúnaithe agus eile' toisc go n-athraíonn na méideanna i ngeall ar na catagóirí éagsúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa sin. Ba é €10,082 meánphinsean foriomlán aoisliúntas na gcleithiúnaithe do 1,443 faighteoir in 2023 i gcomparáid le 1,431 faighteoir le meánmhéid de €9,858 in 2022.

## 5.4 Ais Scoir (cnapshuim) – meáníocaíochtaí i gcás scor ar phinsean[a]

| Catagóir pinsinéara | Líon na bhfaighteoirí | | Meáníocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| **Pinsin nua ar phinsean i rith na bliana** | | | | |
| Oifigigh | 46 | 29 | 102,426 | 104,299 |
| Oifigigh neamhchoimisiúnaithe agus saighdiúirí singil | 307 | 378 | 44,878 | 40,964 |
| **Iomlán** | **353** | **407** | | |

Nóta [a] Athraíonn leibhéal an phinsin agus na haisce scoir le céim scoir, tuilleamh inphinsin, seirbhís fhoriomlán ináirithe etc.

### 5.5 Tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta

Gearrtar tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta ar Chosaint Vóta 36.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí de bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 105 ró-íocaíocht gan íoc ag deireadh na bliana (2022: 85), arb ionann é agus €94,840 agus baineann €50,920 den mhéid sin le blianta roimhe sin. Tháinig ró-íocaíochtaí €101,327 chun solais in 2023 agus fuarthas €54,768 de sin ar ais agus díscríobhadh €2,639 de. Tá iarrachtaí fós á ndéanamh chun méideanna gan íoc a aisghabháil. Baineann formhór mór na ró-íocaíochtaí sin leis an gcion den phinsean a íocadh sa tréimhse tar éis dháta báis pinsinéara, nuair a bhí an párolla míosúil próiseáilte don mhí sin cheana féin.

| | | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| **Iarmhéid tosaigh** | | 75,720 | 83,659 |
| Ró-íocaíochtaí arna sainaithint sa bhliain | | 101,327 | 103,128 |
| | | 177,047 | 186,787 |
| **Aisghafa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí arna sainaithint 2023 | 54,768 | | |
| Ró-íocaíochtaíarna sainaithint roimh 2023 | 11,168 | 65,936 | 103,054 |
| | | 111,111 | 83,733 |
| **Díscríofa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí arna sainaithint 2023 | 2,639 | | |
| Ró-íocaíochtaíarna sainaithint roimh 2023 | 13,632 | 16,271 | 8,013 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **94,840** | **75,720** |

## 6.2 Íocaíochtaí faoi réir lacáiste pinsin seirbhíse poiblí

Ar leithligh ó na figiúirí ag 6.1 thuas, bhí 18 ró-íocaíocht eile gan íoc ag deireadh na bliana arbh fhiú €47,887 iad (féach an tábla thíos). Bhí siad seo i ndáil le hiarchomhaltaí de na Buan-Óglaigh a raibh pinsin scoir mhíleata á bhfáil acu, a chuaigh i mbun fostaíochta ina dhiaidh sin in áiteanna eile sa tseirbhís phoiblí. Tá pinsin den sórt sin faoi réir fhorálacha laghdaithe Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D’eascair an ró-íocaíochtaí pinsin go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar thaobh an fhostóra seirbhíse poiblí ábhartha maidir le hathfhostú an phinsinéara a chur in iúl don Roinn Cosanta. Tháinig ró-íocaíochtaí €35,030 chun solais in 2023 i leith cúig chás, agus fuarthas €28,337 díobh sin ar ais.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **47,612** | **53,969** |
| Ró-íocaíochtaí arna sainaithint sa bhliain | | 35,030 | 3,672 |
| | | 82,642 | 57,641 |
| **Aisghafa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí arna sainaithint 2023 | 28,337 | | |
| Ró-íocaíochtaíarna sainaithint roimh 2023 | 6,418 | 34,755 | 10,029 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **47,887** | **47,612** |